

✿ An Lúibín ✿

17 Bealtaine 2004

Nuachtlitir Choicisiúil
❖❖❖❖❖❖❖❖

An Gaodhal

When the Irish language migrated to America, it resulted in the founding of An Gaodhal – the first journal to be published largely in Irish.

I Meiriceá a cuireadh ceann de na chéad irisí Gaeilge ar bun. B'in *An Gaodhal*, agus tháinig sé amach sa bhliain 1881. Ní Gaeilge amháin a bhí inti, ach bhí méid suntasach den teanga sin le fáil inti, agus bhí na léitheoirí ann – daoine a bhain le saothrú forleathan na Gaeilge sa chuid deireanach den 19ú haois i Meiriceá.

Mícheál Ó Lócháin a chuir ar bun í, fear as Baile an Mhuilinn i gCo na Gaillimhe, gar don Dún Mór. Bhain sé Nua Eabhrac amach sa bhliain 1871, agus bhí rang cáiliúil Gaeilge aige i mBrooklyn – rang ar fáisceadh a lán cumann Gaeilge as. Bhí ranganna Gaeilge ar fud na háite ag an am, i Nua Eabhrac, i mBostún, i Siceágó agus ina lán áiteanna nár bh iad, gan trácht ar ócáidí Gaeilge, ar chumainn Ghaeilge agus ar cholúin Ghaeilge i nuachtáin áirithe. Bhí neart leabhar Gaeilge i leabharlann phoiblí Bhostúin. Lean an scéal mar seo ar feadh na mblianta: sa bhliain 1896 cuireadh cursa Gaeilge ar fáil ag Harvard, agus sa bhliain 1898 tháinig Conradh na Gaeilge go dtí Meiriceá, cé go raibh doicheall éigin ar na heagraíochtaí dúchasacha roimhe. Bhí Gaeilgeoirí agus cainteoirí dúchais le fáil ar fud na tíre, ar nós dlíodóra darbh ainm Hughes ar bhual Dubhghlas de hÍde leis i Nebraska: 'Rugadh agus tógadh i Meiriceá é ach mar sin féin bhí togha na Gaeilge aige'. As an saol sin a tháinig an iris nua.

An Gaodhal: leabhar-iris mhíosamhail, tabhartha chum an Teanga Ghaedhilge a chosnadh agus a shaothruaghadh agus chum Féin-riaghla Chineadh na h-Éireann.

Bhí tuairiscí i mBéarla agus i nGaeilge inti ('Sgeulta Ó'n t-Sean Tír'), dáonta, altanna agus giotaí staire – agus litreacha, ar ndóigh, cuid acu i nGaeilge na bhfoghlaimeoirí agus cuid eile le cainteoirí dúchais.

Ba nós ag *An Gaodhal* cáil an léinn Ghaelaí a bhuanú agus corrshaighead a thabhairt do na Sasanaigh. Sheas an Lóchánach le Ó Donnabháin Rosa agus a leithéidí, dream na láimhe láidre, agus má tháinig an Caitliceachas agus an náisiúnachas salach ar a chéile is ag an bhfrithchléireachas a bhíodh an bua.

Bhí tuairiscí fada ar an iris ar ócáidí measúla na meánaicme Gaelaí (an chuid acu ar spéis leo an Ghaeilge) agus aistí faoin gcuibhíúlacht, rud a theastaigh ó dhaoine a bhí ag iarraidh iad féin a chur chun cinn sa saol agus droim láimhe a thabhairt do nósanna tútacha na mbochtán. Mar a deir Breandán Ó Buachalla, scoláire, in alt bríomhar a scríobh sé faoin iris:

Tá comharthaí sóirt na haicme sin le léamh go soiléir ní amháin san iris trí chéile ach sna blúírí aisti atá tabhartha cheana agam: an seamrógachas, an maoithneachas, an piúratánachas, an seicteachas, an bhréagmheasúlacht i dteannta a chéile.

Leis an aicme sin a bhain an Lóchánach féin. É ina mhúinteoir ar dtús; é ag dul le hárachas agus le hamhantraíocht talún ina dhiaidh sin; é ina nótaire poiblí agus ina choiminisinéir mionnaí freisin – dhá cheird a bhí thar a bheith measúil. Níor leasc leis a ghnóthaí féin a chur

chun cinn san iris le fógraí agus le scéimeanna; ach is dócha gurb é a sparán féin a bhí mar chúltaca ag *An Gaodhal*. Cailleadh é sa bhliain 1899, agus fuair an iris féin bás sa bhliain 1901.

Cibé locht a bhí ar an *An Gaodhal* thug sí ábhar léitheoireachta do lucht Gaeilge nuair a bhí sin gann, agus thug sí caoi dóibh ar iad féin a chur in iúl. Ar éigean is gá a rá nár bh fhéidir a leithéid a chur ar bun san Astráil ag an am.

I dtaca le stair na Gaeilge sna Stáit, is fiú an leabhar seo a léamh: Go Meiriceá Siar: Na Gaeil agus Meiriceá, eag. Stiofán Ó hAnnacháin, An Clóchomhar Teo, 1979.



Deoraíocht

An Irish-language novel only available in its 'uncensored' form in Czech.

Is fada *Deoraíocht* le Pádraic Ó Conaire ar na leabhair is neamhchoitianta dár foilsíodh i nGaeilge. Ach más mian leat an leagan bunúsach ionmlán a léamh caithfidh tú Seicis a fhoghlaim. Daniele Furthnerova a rinne an t-aistriúchán, agus baineadh feidhm as ábhar a fágadh ar lár sa leagan Gaeilge de bharr cinsireachta ach atá le fáil go fóill sna lámhscríbhinní. Nár dheas an rud dá bhfoilseofaí leagan nua Gaeilge a bhí chomh cuimsitheach céanna?

TG4

Will it go it alone?

Táthar á áiteamh le fada gur cheart RTÉ agus TG4 a dhealú amach ó chéile, agus is gearr go mbeidh an tAire Dermot Aherne ag déanamh staidéir ar mheamram ón Roinn Cumarsáide a mholann go dtreabhfad TG4 a hiomaire féin an bhliain seo chugainn. Deir an Roinn go mbeadh costas ag gabháil leis seo - sé mhilliún eoró sa bhareis in aghaidh na bliana - agus gur ghá do TG4 níos lú athchraoltóireachta a dhéanamh agus níos mó ábhair nua a sholáthar. Ní fios an leor an maoiniú breise chun an oiread sin cumadóireachta a spreagadh, ach b'fhéidir go mbeadh RTÉ sásta go maith fáil réidh leis an iarlais a tháinig isteach an doras chuige. Ní raibh an craoltóir náisiúnta róthugtha don Ghaeilge riámh, agus is é an scarúint an leigheas is fearr sa chás seo.

Féach: www.foinse.ie



An Ghaeilge agus an cló

The Tudors were the first to print books in Irish – not for love of the language, but for reasons of state and creed.

Dá naimhdí iad na Túdaraigh do dhúchas na hÉireann, bhí a fhios acu go maith nár bh fhéidir an Protastúnachas a chur chun cinn ann ach amháin trí theanga na tíre. B'fhiú leis na húdaráis leabhair a sholáthar chuige dá bharr, agus murab ionann is aos léinn na hÉireann bhí teacht acu ar fhearas cló. As seo a tháinig an chéad leabhar a cuireadh i gcló riámh in Éirinn - caiticeasma le Seán Ó Ceardaigh, Connachtach, cisteoir Ardeaglais Naomh Pádraig, agus fear a bhain amach céim in ollscoil Cambridge:

Airtioguil dairighe don riaghail chriosdaighe, atá ar ná gcuramach maille le úghdarras uachdaran chille agus tuaithe na righe so na héreand, is coir dá gach aon nduine atá umhal do reachd Dia agus na band-ríoghan do ghabhail chuigé, agus go sbesialta don chlér. 1571.

[Airteagail áirithe don riail Chríostaí, atá ar a gcur amach maille le húdarás uachtaráin chille agus thuaithe ríocht seo na hÉireann, is cóir do gach aon duine atá umhal do reacht Dé agus na Banríona a ghabháil chuige, agus go speisialta don chléir. 1571.]

Is é an cló a úsáideadh chuige ná cló a gearradh i Londain timpeall na bliana 1567 agus a chuir an bhanríon Éilís anall go dtí Baile Átha Cliath. Cló ait tarraingteach é a bhfuil a Iodálach ann, in éineacht le litreacha Gaelacha agus litreacha Rómhánacha. Cuirtear séimhiú in iúl le ponc nó le **h**, agus ní úsáidtear an agúid nó ‘fada’ go rialta. Is cosúil go ndearna an Cearnach a chuid paidreacha a chóipeáil, a bheag nó a mhór, ó *Foirm na Nurnuidheadh Agas freasdal na Sacramuinteadh* le Seán Carsuel, Easpag Inse Gall. Foilsíodh an saothar sin i nDún Éidean sa bhliain 1567, agus baineadh feidhm as cló álann Rómhánach. Ar nós leabhar Uí Chearnaigh, ní úsáidtear an agúid go seasta.

Don trinoid thoghaidhe thré pearsandaigh .i. donathair mhor mhirbhaileach, & don mhac mhaifeach mhor chumachtach, agus don spirad naomh nó oirrdeirc, is cóir gach uile onoir & ghloir agus bhuidheachas do thabhairt tré bhoith fiór.

[Don Tríonóid thofa trí phearsana, i.e. don Athair mhór mhíorúileach, agus don Mhac mhaifeach mhór chumhachtach, agus don Spiorad naomh nó oirirc, is cóir gach uile onoir agus ghlóir agus bhuíochas a thabhairt trí bheith fíor.]

Críochnaíonn an saothar mar seo:

Do chum gach uile chrisduidhe ar feadh an domhain go himlan & go hairidhe dfearaibh Alban & Eireand, don mheid dibh ler bhail briathra dísle Dé do ghabail chucha na gcroidheadnaibh & nindtindibh, ata Eóin Carsuel acur abheandachta agas aguidhe an spirad naomh dhoibh odhia athar trid. IOSA CRIST AR DTIGHEARNA.

[Chun gach uile Chríostaí ar feadh an domhain go hiomlán agus go háirithe d’fhir Alban agus Éireann, don mhéid díbh ina bhfuil briathra dílse Dé a ghabháil chucu ina geroíthe agus ina n-intinní, atá Eoin Carsuel ag cur a bheannachta agus ag guí an Spioraid Naoimh dhóibh ó Dhia Athar trí Íosa Críost Ár dTiarna.]

Sa bhliain 1608 tháinig leabhar eile amach i mBaile Átha Cliath: *Leabhar na nUrnuitheadh gComhchoirdchionn* (leagan Gaeilge den ‘Book of Common Prayer’). Ar nós Uí Chearnaigh, bhí fear a dhéanta, Uilliam Ó Domhnaill, ina chisteoir ag Ardeaglais Naomh Pádraig, agus baineadh feidhm as an gcló céanna is a úsáideadh i gcomhair an chaitisceasma. Gaeilge bhinn mhaorga atá ann.

Budh dheigheanach an tansaoin an dorus do bhualadh, agus hé iata: Agus budh dheigheanach trócuire dhiarruidh, ar mbeith don cheartbhreitheamhnus do láithir. Uch ios mór an tádhbhar úathfháis, guth bagrach an cheirtbhreitheamhnus déisdeachd, do ghéntar orrosan iolló an bhreithímhnuis: An tan a déurtar riu, imghidh a luchd na mallachd chum na teineadh síorrúidhe, noch atá ar na hullmhughadh don Diabhal agus dá Ainglibh. Ar an ádhbharsoin a bhráithri’cha, biomuid ar ár gcoimhéud ar feadh bhías ám againn, agus anus lá an tsláinighthe lind: Or atá a noidhche ag teachd, and nach féidir dáoineach obuir dho dhéunamh: Achd an feadh bhías an solus againn, creideam and sa solus, agus siobhlaí mar chlainn an tsholuis, deagla ar dteilgthe san dorchadus iochdarach, sa náit a bhfuil gol, agus gíosgarnach fiacal. Ná tabhram neimhchion ar mhaiteas Dé, ghoireas go trócuireach rinn, chum ar mbeatha dho leasúghadh, agus gheallus duinn dá thrúaidhe neamhchuimsighthe féin, maitheamh na bpeacadh dho rineamar, dá dtillim chuige go firindeach do rún chroidhe, agus indtinde. Or gé go mbeith ar bpeacthaigh coimhdhearg lé sgárlóid, do ghéuntar coimhgheal lé sneachda íad: Agus gé go mbeidís ar dhath an fpurpair, biaid siad coimhgheal lé holuinn ghil. Tillidh go

dúthrachdach (a deir an Tighírna) ó bhur nuile olc, agus ní chuirfe bhur nuilc a mugha sibh.

[Ba dhéanach an uair sin an dorus a bhualadh, agus é iata: agus ba dhéanach trócaire a iarraidh, ar mbeith don cheartbhreithiúnas do láthair. Uch, is móir an t-ábhar uafáis guth bagrach an cheartbhreithiúnais a éisteacht, a dhéanfar orthusan i lá an bhreithiúnais: nuair a déarfar leo, imigí, a lucht na mallachta chun na tine síoraí, atá arna hullmhú don Diabhal agus dá Aingil. Ar an ábhar sin, a bhráithreacha, bímis ar ár gcoimhéad fad is a bhíos am againn, agus i lá an tslánaithe linn: óir tá an oíche ag teacht, and nach féidir d'aoinneach obair a dhéanamh: ach fad is a bhíos an solas againn, creidimis sa solas, agus siúlaimis mar chlann an tsolais, d'eagla ár dteiltgthe san dorchadas íochtarach, san áit a bhfuil gol agus díoscarnach fiacal. Ná tugaimis neamhchion ar mhaitheas Dé, a ghaireas go trócaireach linn, chun ár mbeatha a leasú, agus a gheallas dúinn dá thrua neamhchuimseach féin, maitheamh na bpeacaí a rinneamar, má fhillfimid chuige go firinneach de rún chroí agus intinne. Óir cé go mbeadh ár bpeacaí chomh dearg le scárlóid, déanfar chomh geal le sneachta iad: agus cé go mbeidís ar dhath an phúrpair, beidh siad chomh geal le holainn ghil. Filligí go dúthrachtach (a deir an Tiarna) ó bhur n-uile olc, agus ní chuirfidh bhur n-oilc amú sibh.]

Tugann na samplaí seo léargas éigin dúinn ar staid na teanga ag an am agus ar an méid caighdeánaithe ab fhéidir a dhéanamh tríd an gclóbhualadh. Seachnaítear cruaGhaeilge na bhfilí iontu, agus is féidir a rá gur beag frása nó focal sna sleachta thusa nach dtuigfeadh gnáthchainteoir Gaeilge an 16ú haois. Scéal eile is ea an litriú, cé nach éagothroime é ná cuid mhaith den Bhéarla a bhí á scríobh san am. Is léir nach bhfuil na clódóirí Gaeilge ar aon intinn faoi léiriú an tséimhithe agus an uraithe, ná faoi úsáid na hagúide. Ba iad na clódóirí, más fíor, ba mhó a chaighdeánaigh agus a dhaingnigh litriú an Bhéarla, agus is cosúil go mbeadh an Ghaeilge féin faoi chomaoin acu dá leanfadh clóbhualadh na teanga ón dara cuid den 16ú haois amach. Ach ar a lán cúiseanna ba iad na lámhscríbhinní a d'fhan faoi réim mar mhodh foilsithe.

Rud eile de: is léiranois dá mbeadh na Túdarraighe ar a seacht ndícheall ag iarraidh Protastúnaigh a dhéanamh de na Gaeil gur cosúil go n-éireodh leo. Is é a bheadh ag teastáil chuige ná cléir dhúthrachtach a raibh Gaeilge acu, neart scoileanna a raibh Béarla agus ábhair eile á múineadh trí Ghaeilge iontu, agus leabhair Ghaeilge a bheith ar fáil go flúirseach. Bhí fáil ar Phrotastúnaigh in Éirinn a raibh Gaeilge acu agus a bhí sásta dul i mbun pinn. Ach ní raibh na húdaráis in acmhainn an gníomh a dhéanamh, ní raibh an fonn sin orthu i ndeireadh na dála. B'fhéidir gurbh fhéarrde an teanga é dá ndéanfaidís, cuma cad a bheadh in ndán don chreideamh. Cibé scéal é, tá dornán leabhar againn mar shampla d'fhiontar Éilíseach nár cuireadh riamh i gcríoch.

Beidh an dara halt faoin ábhar seo sa chéad eagráin eile.

Mífhaimniú

Australians and foreign accents.

Nóta ó Thomás de Bhaldráithe i Sydney:

Bhí 'trotter' ag rith le gairid darb ainm Caiseal Uisce agus ar ndóigh thug an tráchtare Sayseel Youisk air; ghlaogh mé ar an stáisiún raidió roimh ré ag inseacht dóibh conas mar ba chóir é a fhuaimniú ach mar is iondúil níor tugadh aon aird orm.

Ní chuirfeadh scéal seo an mhífhaimnithe iontas ar mhórán. Ach déarfadh daoine áirithe gur galar níos leithne atá i gceist anseo – doicheall Astrálach roimh an tuin iasachta. Ar éigean, a deir siad, atá blas eachtrannach le cloisteáil (mar shampla) ar chaint chraoltóirí na tíre seo, agus déantar talamh slán de nach ceart do chlann na n-inimirceach tuin a dtuismitheoirí a thabhairt leo.

Má scagtar an scéal seo is léir gur cúpla ceist dhifriúil atá ann. Is nádúrtha an rud d'inimircigh agus dá gclann cloí le nósanna na tíre nua, agus nósanna cainte san áireamh. Uaireanta fanann blas na sinsear ar chaint an dara glúin, mar a tharla ansiúd is anseo i measc na nGael-Astrálach. Luath nó mall, áfach, déantar de réir na nósanna nua, rud a tharla in Éirinn i gcás na bPailítineach agus chlann Chromaill. Glacann clann na strainséirí gnáth-thuin na tíre seo chucu go nádúrtha, mar a dhéanfaidís i dtír ar bith eile – sa Bhreatain, sna Stáit, sa bhFrainc, sa Ghearmáin agus in Éirinn féin.

Fágann sin ceist eile: An bhfuil doicheall orainn mar phobal roimh thuin a bhaineann le thír eile, go háirithe i gcúrsaí poiblí? Is fíor gurb annamh a chloisfeá aon ghuth ach guth Astrálach ar an raidió nó ar an teilifís, rud a bhainean le beartas na stáisiún tráchtala go háirithe. Ba dheacair, áfach, a dheimhniú gur claontuairimí faoin tuin ‘cheart’ ba chóis leis an nguth strainséartha a bheith chomh gann sin sna cúrsaí seo. Caoga bliain ó shin bhí mórán daoine diúltach do thuin ar bith nár bhain leis an thír seo, agus tá roinnt bheag daoine mar sin fós; tá an chuid eile againn dulta i dtaitíanois ar éagsúlacht an Bhéarla, a bhúiochas sin ar an inimirce.

Mar sin féin, ba bhereá an rud é tuin neamhAstrálach a chloisteáil ag níos mó láithreoirí teilihíse nó craoltóirí raidió. Glactar leis mar dhlí naofa, tríd is tríd, nach cóir ár gcluasa a loscadh le blas neamhchaighdeánach ar eagla na doiléire nó go mbainfí an bonn ón teanga.

Rud eile a chiapann Tomás is ea an ‘Irish joke’ agus a chóis sin aige. Níl an saghas grinn seo leath chomh coitiantsa is a bhíodh, ach cloistear na scéalta fós ó am go chéile, agus is iomaí duine stuama a chuir siad le báiní. An té nach binn leis iad caithfidh sé iad a fhulaingt – nó ‘Go dtachta an diabhal thú!’ a rá le lucht a n-insinte.



Seanfhocail an ghrá

Galar gan náire grá nó tart.

Tart deireadh an óil, brón deireadh an ghrá.

An grá nach mbíonn láithreach fuarann sé.

Mo ghrá thú – agus rud agat.

An chéad ghrá mná agus an dara grá fir (*an dá shaghas is buaine*).

Pógtar an leanbh le grá don bhanaltra.

Féach (i measc leabhar eile) *Seanfhocail na Mumhan*. An Seabhadh (Pádraigh Ó Siocfhradha) a bhreac síos agus an Gúm a d’foilsigh.

